# Iarratais ar Theastas Breithe/Dheimhniú Báis/ Pósta/Uchtála/Páirtnéireachta Sibhialta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

**Íoslódáil an fhoirm seo, le do thoil, agus clóscríobh na sonraí agus seol an fhoirm ar ríomhphost chuig: GROonlinepayments@welfare.ie**

## Mír 1 - Deimhnithe agus Seirbhísí Gaolmhara

| SAGHAS | CUR SÍOS | COSTAS |
|---|---|---|
| **Deimhniú** | Cóip dheimhnithe é seo d'iontráil sa chlár. Tá sé clóite ar pháipéar slán agus úsáidtear é do chuspóirí riaracháin agus dlíthiúla. | €20.00 |
| **Cóip d'Iontráil** | Tá an t-eolas céanna ann seo atá i ndeimhniú ach níl sé clóite ar pháipéar slán. Úsáidtear é go príomha ar mhaithe le cuspóirí taighde. | €5.00 |
| **Fíordheimhnithe** | Stampa oifigiúil é seo a chuirtear ar dheimhniú, atá ar fáil ó Oifig an Ard-Chláraitheora, agus teastaíonn sé i gcásanna áirithe. | €10.00 |
| **Foirm Chaighdeánach Ilteangach** | Cáipéis aistriúcháin é seo a dhéanann deimhnithe a chaighdeánú ar fud an AE. Is féidir leat an cháipéis seo a iarraidh nuair a bhíonn deimhniú á ordú agat. | €0.00 |

## Mír 2 - Conas a gheobhaidh mé mo dheimhniú/dheimhnithe?

Cáipéis thábhachtach is ea cóip dheimhnithe (deimhniú). Moltar go seoltar é seo sa phost cláraithe. Ba cheart duit a thabhairt le fios más mian leat post cláraithe a úsáid i Mír 4, nó seolfar deimhnithe sa Ghnáthphost.

Suimeofar na táillí postais agus pacáistithe seo a leanas le costas d'ordaithe:

| | Meáchan | Táille Chaighdeánach | Táille Chláraithe |
|---|---|---|---|
| **Éire agus Tuaisceart Éireann** | <100g | €2.50 | €9.00 |
| **An Bhreatain Mhór** | <100g | €3.50 | €11.00 |
| **An Eoraip** | <100g | €3.50 | €11.00 |
| **Na Stáit Aontaithe (an Chuid eile den Domhan)** | <100g | €6.00 | €13.00 |
| **An Astráil agus an Nua-Shéalainn** | <100g | €6.00 | €13.00 |

Má tá tú cóip á ceannach agat d'iontráil, is féidir linn é a sheoladh chugat ar ríomhphost in ionad é a sheoladh chugat sa phost. Tabhair le fios, le do thoil, más mian leat an chóip a fháil ar ríomhphost i **Mír 4**.

## Mír 3 - Íocaíocht agus Aisíocaíochtaí

Nuair a fhaighimid d'iarratas seolfar an ríomhphost chugat laistigh de thréimhse idir 3 agus 5 lá oibre. Cuirfear in iúl duit sa ríomhphost seo cé mhéid is gá duit a íoc agus beidh nasc slán ann go dtí treoracha faoi conas íoc. Ceadaíonn an nasc seo duit an íocaíocht a dhéanamh go díreach le hOifig an Ard-Chláraitheora trí úsáid a bhaint as do chárta creidmheasa nó dochair. Seolfaimid fáltas chugat ar ríomhphost nuair atá an táille íoctha agat. Déanfar aon aisíocaíochtaí atá le déanamh go leictreonach le do chuntas.

**Beartas Sonraí: Riarann an tSeirbhís um Chlárú Shibhialta córas clárúcháin shibhialta na hÉireann. Ceanglaítear sa dlí ar dhuine sonraí pearsanta a sholáthar chun imeacht saoil (breith, marbh-bhreith, bás nó pósadh) a chlárú agus is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le comhlachtaí poiblí agus údaráis phoiblí eile nuair a fhoráiltear dó seo sa dlí. Tá ar dhuine sonraí pearsanta a sholáthar nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar dheimhnithe ar imeachtaí ríthábhachtacha agus ar chuardaigh ar innéacsanna leis na cláir shibhialta. Tá beartas um chosaint sonraí na Seirbhíse um Chlárú Shibhialta ar fáil ag www.gov.ie/dsp/ privacystatement nó i gcruachóip, ar iarraidh sin.**

**Iarratais ar Theastas Breithe/Dheimhniú Báis/ Pósta/Uchtála/Páirtnéireachta Sibhialta**

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

## Mír 4 - Sonraí faoin duine atá ag cur isteach ar an deimhniú/na deimhnithe

**CÉADAINM** ______ **SLOINNE** ______

**SEOLADH** ______

**GUTHÁN** ______ **R-PHOST** ______

**Teastaíonn uaim go seolfar an deimhniú/na deimhnithe sa phost cláraithe** ☐

**Teastaíonn uaim go seolfar cóip chuig mo sheoladh ríomhphoist** ☐

## Mír 5 - Sonraí faoin deimhniú/na deimhnithe a theastaíonn

**Iontráil ainm dheimhniú an duine a theastaíonn uait. Iontráil sonraí dóthanacha thíos, le do thoil, le cabhrú leis na cláir a chuardach.**

### A. A.Sonraí faoin Teastas Breithe/Deimhniú Uchtála

An t-ainm ar an deimhniú ______

Dáta breithe ______ Áit bhreithe ______

Céadainm Breithe na Máthar ______ Sloinne Breithe na Máthar ______

Céadainm an Athar/Tuismitheora ______ Sloinne an Athar/an Tuismitheora ______

Cuir tic leis anseo má rinneadh an duine a uchtáil go dlíthiúil ☐

Iontráil an líon cóipeanna taobh leis an saghas deimhnithe a theastaíonn

Deimhniú ☐ Cóip den iontráil ☐

Deimhniú Fíordheimhnithe ☐ Foirm Chaighdeánach Ilteangach (MSF) ☐

Teanga AE na Foirme Caighdeánaí Ilteangaí (MSF): ______

### B. Sonraí an Deimhnithe Pósta/Páirtnéireachta Sibhialta

Ainmneacha na lánúine ______

Dáta pósta ______ Áit Phósta ______

Iontráil an líon cóipeanna taobh leis an saghas deimhnithe a theastaíonn

Deimhniú ☐ Cóip den iontráil ☐

Deimhniú Fíordheimhnithe ☐ Foirm Chaighdeánach Ilteangach (MSF) ☐

Teanga AE na Foirme Caighdeánaí Ilteangaí (MSF): ______

### C. Sonraí an deimhnithe báis

An t-ainm ar an deimhniú ______

Dáta báis ______ Áit Bháish ______

Dáta Breithe nó aois ______

Seoladh (más eol) ______

Iontráil an líon cóipeanna taobh leis an saghas deimhnithe a theastaíonn

Deimhniú ☐ Cóip den iontráil ☐

Deimhniú Fíordheimhnithe ☐ Foirm Chaighdeánach Ilteangach (MSF) ☐

Teanga AE na Foirme Caighdeánaí Ilteangaí (MSF): ______